C/2024/2367

26.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11450 — WORXINVEST / GIMV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2367)

1. An 18 Márta 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— WORXINVEST NV ('WORXINVEST', an Bheilg),

— GIMV NV ('GIMV', an Bheilg).

Gheobhaidh WorxInvest rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gimv ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é Worxinvest a dhéanann infheistíocht i gcistí cothromais phríobháidigh agus i gcuideachtaí beaga agus meánmhéide, in ionstraimí margaidh airgid agus i réadmhaoin,

— Is cuideachta infheistíochta cothromais phríobháidigh é GIMV, atá dírithe ar infheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú lonnaithe sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus san Eilvéis. Is iad na cúig ardán infheistíochta atá ag Gimv: Tomhaltóirí, Cúram sláinte, Tionscal chliste, Cathracha inbhuanaithe, agus Eolaíochtaí beatha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11450 — WORXINVEST / GIMV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË